# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÚEÁPC 2023

Achoimre

European Insurance and Occupational Pensions Authority

# 1. BROLLACH ÓN GCATHAOIRLEACH

PETRA HIELKEMA

Mar Chathaoirleach, is cúis mhór áthais dom machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach againn agus ar na dúshláin a bhí ann le bliain anuas agus an taifead seo ar ghníomhaíochtaí ÚEÁPC in 2023 a chur i láthair.

Le bliain anuas, bhí tionchar ag an mboilsciú ar leibhéil chaipitil, ar bhrabúsacht agus ar leachtacht na n-árachóirí, rud a rinne difear do thomhaltóirí agus don chostas maireachtála foriomlán. Scrúdaigh ÚEÁPC iarmhairtí an bhoilscithe aird agus na rátaí arda úis ar an earnáil árachais, agus rinne sé measúnú freisin ar rioscaí agus ar leochaileachtaí a bheidh ann amach anseo. D'ainneoin na ndúshlán sin, tá athléimneacht léirithe ag earnáil an árachais agus ag earnáil na bpinsean araon, agus tá ról ríthábhachtach acu fós i ngeilleagar na hEorpa.

Cé gur breithniú breise é an boilsciú ó thaobh obair ÚEÁPC, tá an fócas fós ar na tosaíochtaí a leagtar amach inár straitéis.

Ceann de na pointí fócasacha atá againn ná bearnaí cosanta laistigh den earnáil árachais a thomhas agus a dhúnadh. Tá dul chun cinn déanta againn i ndáil leis sin, uirlisí a fhorbairt amhail an deais tubaiste nádúrtha agus bearta oiriúnaithe a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn i gcleachtais frithgheallta neamhshaoil.

Thairis sin, lean ÚEÁPC de thionscnaimh airgeadais inbhuanaithe a chur chun cinn, agus é ag obair i dtreo rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú i gcleachtais bainistithe riosca árachóirí/athárachóirí agus institiúid um sholáthar pinsean ceirde. D'fhorbraíomar uirlisí maoirseachta chun cásanna glas-snasaithe a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu agus aghaidh a thabhairt orthu go gníomhach. I gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), tá iniúchadh déanta againn ar réitigh chun dul i ngleic leis an mbearna cosanta árachais aeráide, agus béim á leagan againn ar a thábhachtaí atá creat rialála láidir chun cobhsaíocht na hearnála a áirithiú. Ina theannta sin, i gcomhar leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile (ÚMEnna), leanamar dár gcuid oibre ar SFDR.

Bhí digitiú an tionscail árachais ina théama lárnach dár gcuid oibre freisin. Tá dlúthfhaireachán déanta ag ÚEÁPC ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus árachas oscailte. In 2023, d'oibrigh ÚEÁPC in éineacht leis na ÚMEnna ar na sainorduithe beartais éagsúla laistigh den Ghníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) arb é is aidhm dóibh slándáil TF na n-eintiteas airgeadais a neartú. Ina theannta sin, d'oibrigh ÚEÁPC ar straitéis

dhigiteach nua ina leagtar amach conas a thacóidh sé le tomhaltóirí, le margaí agus leis an bpobal maoirseachta trí chlaochlú digiteach.

I réimse na maoirseachta agus na formhaoirseachta, lean ÚEÁPC de chultúr coiteann maoirseachta agus cleachtais chomhsheasmhacha a chothú ar fud na hEorpa. Tá príomhthosaíochtaí maoirseachta sainaitheanta againn, lena n-áirítear rioscaí don mhargadh inmheánach a mhaolú agus maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint. I gcás inar gá, chuir ÚEÁPC dlús lena iarrachtaí freisin chun díobháil do shealbhóirí polasaí a theorannú nó a chosc.

Díríodh ar phinsin cheirde an bhliain seo caite freisin. Tá sé mar aidhm ag ár gcomhairle maidir le Treoir II maidir le IORPanna glacadh leis an todhchaí, agus an oidhreacht a chosaint ag an am céanna. Cuirtear san áireamh ann an t-aistriú leanúnach ó shochar sainithe chuig scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, chomh maith le dúshláin an athraithe aeráide agus an tábhacht nach mór dúinn a chur ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú. Ag an am céanna, is é is aidhm dár gcomhairle an oidhreacht a chosaint trí aghaidh a thabhairt ar ábhair amhail measúnú riosca agus rioscaí leachtachta.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhain ÚEÁPC tairbhe as saineolas agus ionchur an Bhoird Maoirseoirí agus an Bhoird Bainistíochta. Ba chúis áthais dom freisin a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leis an oiread sin dár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad siúd i bParlaimint na hEorpa agus sa Choimisiún Eorpach. Gabhaim buíochas le gach duine as ár n-idirphlé agus as ár gcomhairliúchán toisc gur gné thábhachtach dár gcuid oibre iad.

Tá gá freisin le dea-idirphlé agus comhar maith maidir le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ÚEÁPC, bíodh sin in idirphlé maoirseachta déthaobhach nó maidir lenár gcuid oibre i gComhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais. I ndáil leis an méid sin, is cúis bhróid dom aird a tharraingt ar an ról atá againn mar chathaoirleach ar Fhóram Teicneolaíochta Airgeadais IAIS, leaschathaoirleach ar Thascfhórsa na Bearna Cosanta, chomh maith leis an méid a chuirimid le caighdeán domhanda a fhorbairt, leis an gCaighdeán Caipitil Árachais (ICS), agus leis an gcreat iomlánaíoch maidir le rioscaí sistéamacha. Lean ÚEÁPC freisin d’fheabhas a chur ar a chomhar le tíortha an Oirthir agus na mBalcán Thiar. Sa chomhthéacs sin, d’óstáil ÚEÁPC a “Chomhdháil um Chomhar an Oirthir”, inar leagamar béim ar ár dtacaíocht do dhlínsí atá i mbun reachtaíocht árachais an Aontais a oiriúnú nó a chur chun feidhme.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann ar fad as a gcuid oibre crua i rith na bliana. Chun a shainordú uaillmhianach a chomhlíonadh, teastaíonn foireann oilte agus lúfar ó ÚEÁPC, agus tá áthas orm gur leanamar lenár n-iarrachtaí eagraíocht oibre thairbheach agus chuimsitheach a chothú a chuireann ar chumas gach baill foirne a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

Ag féachaint chun cinn, léiríonn na toghcháin Eorpacha go bhfuil tús á chur le timthriall polaitiúil nua. Tá ÚEÁPC ag tnúth le bheith ag obair le Parlaimint na hEorpa atá ag teacht isteach agus leis an gCoimisiún nua ar ár bpríomhthosaíochtaí, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cosanta, maoirseacht árachais san Aontas agus cáilíocht sonraí a fheabhsú, agus cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn tuilleadh.

Mar fhocal scoir, athdhearbhaím tiomantas ÚEÁPC maidir le maoirseacht éifeachtach a chur ar fáil, agus maidir lena áirithiú go leanfaidh na hearnálacha árachais agus pinsean de bheith ag freastal ar leasanna sealbhóirí polasaí, tairbhithe, gnólachtaí agus an gheilleagair i gcoitinne.

# 2. RÉAMHRÁ ÓN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

FAUSTO PARENTE

Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil 2023 ÚEÁPC a chur i láthair ina mbreathnaítear siar ar an méid a baineadh amach le bliain anuas.

Bhí éiginnteacht, rátaí arda úis, boilsciú agus luaineacht an mhargaidh le sonrú arís in 2023. In ainneoin na ndúshlán sin, bhí ÚEÁPC fós tiomanta do leas an phobail a chosaint trí rannchuidiú le cobhsaíocht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht an chórais airgeadais Eorpaigh.

D'éirigh le ÚEÁPC a chlár oibre le haghaidh 2023 a chur i gcrích, rud a sháraíonn an sprioc le haghaidh fhormhór na n-eochairtháscairí feidhmíochta. Tharla sé sin i bpáirt mar gheall ar an leithdháileadh cúramach agus freagrach acmhainní a rinneamar a chuir ar ár gcumas dul i ngleic le tosaíochtaí nua, amhail tionchar an bhoilscithe ar an earnáil agus ar thomhaltóirí, chomh maith le réimsí nua oibre a ionchorprú go héifeachtúil, amhail ár sainordú chun cuspóirí an Rialacháin maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (DORA) a chomhlíonadh.

Ba é EUR 36.7 milliún buiséad oibriúcháin ÚEÁPC do 2023. Lean ár bhfoireann de bheith ag obair go príomha i réimse na maoirseachta stuamachta agus iompair gnó agus an chóineasaithe maoirseachta. Agus tábhacht an chlaochlaithe dhigitigh á haithint againn, rinneamar méadú suntasach i mbliana ar leithdháileadh na foirne sa réimse seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

I gcomhthéacs dian-ualach oibre agus dálaí dúshlánacha maicreacnamaíocha, chuir ÚEÁPC straitéisí chun feidhme chun tús áite a thabhairt do phróisis agus chun iad a chuíchóiriú chun éifeachtúlacht a bhaint amach. Chuir tionscnaimh cosúil le comhroinnt costas, próisis a fheabhsú, agus infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht, ar ár gcumas cáilíocht agus méid ár gcuid oibre a mhéadú, ag dul thar ár bhfás ó thaobh acmhainní de. Chun bealach oibre níos barainní agus níos sofhreagrúla a chothú agus chun ár struchtúr eagraíochtúil inmheánach a ailíniú níos fearr lenár straitéis, tá athruithe struchtúracha sainaitheanta againn a bhfuil sé mar aidhm againn iad a chur chun feidhme in 2024. Ina theannta sin, leanamar de bhearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht chomhshaoil agus chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Is cúis bhróid dúinn go bhfuil ár n-iarrachtaí aitheanta ag údaráis Hessen, a dheonaigh creidiúnú foirmiúil EMAS do ÚEÁPC i mí Feabhra 2023.

Thairis sin, rinne ÚEÁPC athbhreithniú ar a straitéis dhigiteach, rud a thacaíonn ní hamháin le digitiú na n-earnálacha árachais agus pinsean ach a thugann cumhacht freisin d'Údaráis Náisiúnta Inniúla (NCAnna) agus do ÚEÁPC féin. Léiríonn an straitéis chuimsitheach sin fís agus misean ÚEÁPC leas a

bhaint as cumhacht na teicneolaíochta ar mhaithe leis na geallsealbhóirí uile, agus éifeachtúlacht, trédhearcacht agus athléimneacht a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha árachais agus pinsean ceirde.

Tá dlúthchomhar ag ÚEÁPC le ÚINanna agus cothaíonn sé dea-chaidreamh le comhaltaí ár mBoird Bainistíochta agus ár mBoird Maoirseoirí. I rith na bliana, leanamar d'ionchur a lorg ó rogha leathan páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre, amhail trínár ngrúpaí páirtithe leasmhara, comhairliúcháin, suirbhéanna, lena n-áirítear suirbhé Eorabharaiméadair uile-Aontais, cuairteanna agus imeachtaí.

Ag leanúint dá thiomantas don éagsúlacht agus don chuimsiú, lean ÚEÁPC dá Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun feidhme i rith 2023. Ailínithe le Cairt Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais um an Éagsúlacht, tá an straitéis dírithe ar chultúr oibre cuimsitheach a chothú a chuireann luach ar dhifríochtaí agus a cheiliúrann iad, ag tiomáint nuálaíochta agus barr feabhais laistigh den eagraíocht. In éineacht lenár gcur chuige solúbtha maidir le hobair hibrideach, is fostóir nua-aimseartha tarraingteach é ÚEÁPC.

Is cúis bhróid dom freisin béim a leagan ar ról ÚEÁPC mar chathaoirleach ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais ó mhí an Mhárta 2023 go mí Feabhra 2024. I rith na bliana, chuireamar tionscnaimh i gcrích chun comhar a éascú i measc ghníomhaireachtaí agus chomhghnóthais an Aontais agus threoraíomar iarrachtaí comhchoiteanna i dtreo comhspriocanna. I dteannta a chéile, d'oibrigh gníomhaireachtaí an Aontais i dtreo Eoraip ní ba ghlaise, ní ba dhigití agus ní b'athléimní a thógáil, agus aghaidh á tabhairt acu ar athruithe institiúideacha ag an am céanna.

Glacaim an deis seo chun buíochas a ghabháil leis an mBord Bainistíochta agus leis an mBord Maoirseoirí, agus le mo chomhghleacaithe sna hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus sna gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais as a dtiomantas agus a ndíograis i rith na bliana. Táim ag tnúth leis an dlúthchomhar torthúil a bheidh eadrainn agus sinn ag leanúint lenár n-iarrachtaí chun earnáil árachais agus pinsean níos láidre a thógáil san Eoraip. Ar deireadh, cuirim in iúl mo bhuíochas ó chroí do gach ball d'fhoireann ÚEÁPC, a léirigh dúthracht agus iarracht eisceachtúil maidir lenár gcuid oibre a chur i gcrích agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin bhreise a bhí romhainn.

# 3. RÉAMHRÁ

## 1.

Is gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) é an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), atá lonnaithe in Frankfurt am Main, an Ghearmáin. Is é an misean uileghabhálach atá aici cur le cobhsaíocht agus le héifeachtacht ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach an chórais airgeadais ar mhaithe le geilleagar, gnólachtaí agus saoránaigh na hEorpa. Is iad príomhchúraimí ÚEÁPC cóineasú maoirseachta a fheabhsú, cosaint tomhaltóirí a neartú agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, bítear ag brath ar dhlúthchomhar le húdaráis iomaíochta náisiúnta, agus ar chomhairliúchán rialta le páirtithe leasmhara, go háirithe eagraíochtaí tomhaltóirí agus ionadaithe tionscail. Cinntíonn sé sin go bhfreastalaíonn obair an Údaráis ar riachtanais na ndaoine a bhfreastalaíonn sé orthu.

Faoin sprioc ghinearálta maidir le hAontas Eorpach sábháilte agus inbhuanaithe a thógáil dá shaoránaigh tráth an chlaochlaithe, ba iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha ÚEÁPC do 2023:

Cosaint láidir chomhsheasmhach leasanna tomhaltóirí a áirithiú ar fud an Aontais

Athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála airgeadais a neartú, agus ar an gcaoi sin a héifeachtacht, a cothroime iomaíochta agus a cuimsiú airgeadais a chosaint

Ba iad seo a leanas tosaíochtaí straitéiseacha an Údaráis do 2023:



Rannchuidiú le hárachas agus pinsin inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa chosaint, ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais


Tacú leis an bpobal maoirseachta agus leis an tionscal na rioscaí a bhaineann leis an gclaochlú digiteach a mhaolú agus na deiseanna a bhaineann leis a thapú, lena n-áirítear trí chultúr sonraíbhunaithe a chur chun cinn tuilleadh


Maoirseacht fhónta, éifeachtúil, chomhsheasmhach agus stuama a chur chun cinn agus a chur i gcrích ar fud na hEorpa, go háirithe i bhfianaise líon méadaithe de ghnólachtaí trasteorann


Comhairle ar ardchaighdeán agus obair bheartais eile a chur ar fáil agus riachtanais athraitheacha agus mhéadaitheacha na sochaí á gcur san áireamh chomh maith le héifeachtaí an Rialacháin nua airgeadais


Cobhsaíocht airgeadais a fheabhsú a thuilleadh, agus béim ar leith á leagan ar anailís a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileachtaí san earnáil airgeadais, agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn

Bunaítear réimsí gníomhaíochta agus tosaíochtaí bliantúla ÚEÁPC trí dhianphróiseas pleanála. In 2023, choinnigh ÚEÁPC cur chuige solúbtha freagrúil ar bun maidir lena phleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil, chun leanúint de chobhsaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí a áirithiú. Ina theannta sin, tá ÚEÁPC ag obair ar a chuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach solúbtha chun athbheartú tosaíochtaí agus cinnteoireacht luathaithe a cheadú. Ag deireadh 2023, bhí 193 dhuine fostaithe ag an Údarás (coibhéisí lánaimseartha). Ba é EUR 36 714 492 a bhuiséad oibriúcháin do 2023.

# 4. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá árachas agus pinsin ríthábhachtach ar mhaithe le folláine daoine aonair, lena gcuirtear cosaint ar fáil in aghaidh imeachtaí agus slándáil atá tuartha agus gan choinne i measc daoine scothaosta. Le linn na bliana 2022, lean EIOPA de ról ríthábhachtach a bheith aige i maoirseacht a dhéanamh ar árachas agus ar phinsin san Eoraip, ag obair go dlúth le NCAnna, institiúidí Eorpacha agus páirtithe leasmhara eile chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach ina chlár oibre bliantúil a chomhlíonadh.

I gcomhthéacs na héiginnteachta eacnamaíche agus geopholaitiúla as a n-eascraíonn luaineacht sa mhargadh, boilsciú ard agus fás eacnamaíoch neamhchinnte, dhírigh ÚEÁPC ar dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid chaipitil agus leachtachta árachóirí agus institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) an Aontais, agus úsáid á baint as na hionstraimí uile atá ar fáil, chun athléimneacht na n-earnálacha árachais agus pinsin a áirithiú agus chun tomhaltóirí a chosaint.

**RANNCHUIDIÚ LE hÁRACHAS AGUS PINSIN INBHUANAITHE A FHORBAIRT, LENA n-ÁIRÍTEAR TRÍ AGHAIDH A THABHAIRT AR BHEARNAÍ SA CHOSAINT, AR MHAITHE LE SAORÁNAIGH AGUS GNÓLACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS ARAON**

*Príomhfhoilseacháin:*

- *Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le glas-snasú – Comhairle don Choimisiún Eorpach*[1]
- *Deais maidir leis an mbearna chosanta árachais i gcás tubaistí nádúrtha*[2]
- *Frithghealladh tionchair: Tuarascáil ar chur chun feidhme beart oiriúnaithe a bhaineann leis an aeráid i gcleachtais frithghealltta neamhshaoil*[3]
- *Páipéar foirne maidir le roghanna beartais chun an bhearna cosanta árachais aeráide a laghdú*[4]

[1] Tuarascáil ÚEÁPC ar dhul chun cinn maidir le glas-snasú – Comhairle don Choimisiún Eorpach (europa.eu)

[2] Deais maidir leis an mbearna cosanta árachais i gcás tubaistí nádúrtha (europa.eu)

[3] Frithghealladh tionchair:Tuarascáil ar chur chun feidhme beart oiriúnaithe a bhaineann leis an aeráid i gcleachtais frithghealltta neamhshaoil (europa.eu)

[4] Páipéar foirne maidir le roghanna beartais chun an bhearna cosanta árachais aeráide a laghdú (europa.eu)

- *Comhairliúchán faoi pháipéar foirne maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe de bhearna chosanta NatCat atá dírithe ar an éileamh*[5]
- *Tuarascáil chríochnaitheach maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an athbhreithniú ar phríomh-dhrochthionchair (PAI) agus nochtaí táirgí airgeadais i Rialachán Tarmligthe SFDR*[6]

Lean ÚEÁPC dá chuid oibre chun comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta i gcleachtais bainistithe riosca (ath)árachóirí agus institiúidí um sholáthar pinsean ceirde a chur chun cinn.

In 2023, dhírigh ÚEÁPC ar uirlisí maoirseachta a fhorbairt chun cásanna glas-snasaithe a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu agus aghaidh a thabhairt orthu go gníomhach agus d'oibrigh sé le BCE ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun dul i ngleic leis an mbearna cosanta árachais aeráide.

Lean ÚEÁPC den chomhéadan a d'fhorbair sé a chur chun cinn chun úsáid na samhla tubaiste foinse oscailte aip Climada a éascú agus lean sé dá chuid oibre leis na ÚMEnna eile a bhaineann leis an Rialachán maidir le nochtadh airgeadais inbhuanaithe (SFDR), lena gceanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a dtionchair agus a n-éilimh chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) a nochtadh.

## TACÚ LEIS AN bPOBAL MAOIRSEACHTA AGUS LEIS AN TIONSCAL NA RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN gCLAOCHLÚ DIGITEACH A MHAOLÚ AGUS NA DEISEANNA A BHAINEANN LEIS A THAPÚ, LENA n-ÁIRÍTEAR TRÍ CHULTÚR SONRAÍBHUNAITHE A CHUR CHUN CINN TUILLEADH

*Príomhfhoilseacháin:*

- *Freagairt ÚMEnna comhpháirteacha ar an nglao ar chomhairle lena sonraítear tuilleadh critéar le haghaidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla*
- *agus lena gcinntear táillí formhaoirseachta*[7]
- *Ráiteas maoirseachta maidir le cleachtais phraghsála dhifreálacha i réimeanna gnó árachais neamhshaoil*[8]

[5] Comhairliúchán faoi pháipéar foirne maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe de bhearna chosanta NatCat atá dírithe ar an éileamh (europa.eu)

[6] Tuarascáil chríochnaitheach maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an athbhreithniú ar phríomh-dhrochthionchair (PAI) agus nochtaí táirgí airgeadais i Rialachán Tarmligthe SFDR

[7] Tuarascáil ó ÚMEnna comhpháirteacha 2023 maidir le méid an nochta dheonaigh maidir le príomh-dhrochthionchair faoi SFDR

[8] Ráiteas maoirseachta maidir le cleachtais phraghsála dhifreálacha i réimeanna gnó árachais neamhshaoil

- *Straitéis dhigiteach ÚEÁPC*[9]
- *Cás úsáide Árachais Oscailte ÚEÁPC – Deais árachais*[10]
- *Prionsabail mhodheolaíocha na tástála struis árachais – cibear-chomhpháirt*[11]
- *Tuarascáil chomhpháirteach ÚMEnna: Nuashonrú maidir le feidhmiú éascaitheoirí nuálaíochta – moil nuálaíochta agus boscaí gainimh rialála faoi EFIF 12*

D'fhan ÚEÁPC ar an airdeall maidir le faireachán a dhéanamh ar ghlacadh méadaitheach na teicneolaíochta digití, amhail an intleacht shaorga agus árachas oscailte, chun fanacht cothrom le dáta leis na forbairtí margaidh ba dhéanaí. Is éard a bhí i gceist leis sin aird a tharraingt ar an gcur chuige is fearr chun tomhaltóirí a chosaint agus nuálaíocht á cothú agus tacaíocht á tabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta ag an am céanna.

In 2023, d'oibrigh ÚEÁPC i gcomhar leis na hÚMEnna eile go comhpháirteach ar fhorbairt na sainorduithe beartais éagsúla a fhorordaítear in DORA. Ina theannta sin, d'oibrigh ÚEÁPC ar straitéis dhigiteach iomlánaíoch nua arb é is aidhm di soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a dtacóidh sé le tomhaltóirí, le margaí agus leis an bpobal maoirseachta trí chlaochlú digiteach.

Sheol ÚEÁPC Suirbhé um Fhaireachán ar an Margadh maidir leis an Digitiú, uirlis chun coinneáil cothrom le dáta le nuálaíochtaí agus treochtaí digitithe san árachas, sheol sé suirbhé maidir le rochtain ar chibeararachas ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), chuir sé tionscadail Suptech chun feidhme agus d'ionchorpraigh sé prionsabail mhodheolaíocha na tástála struis árachais, lena ndírítear go sonrach ar chibear-riosca.

I gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht REFORM an Choimisiúin Eorpaigh agus leis na ÚMEnna eile, lean ÚEÁPC dá chuid oibre ar Acadamh Maoirseachta Airgeadais Dhigitigh an Aontais (EU SDFA) agus thacaigh sé le hobair an Fhóraim Eorpaigh um Éascaitheoirí Nuálaíochta (EFIF).

---

[9] Straitéis dhigiteach ÚEÁPC

[10] Cás úsáide Árachais Oscailte ÚEÁPC – Deais árachais.pdf (europa.eu)

[11] Prionsabail mhodheolaíocha na tástála struis árachais – cibear-chomhpháirt

[12] Tuarascáil chomhpháirteach ÚMEnna ar éascóirí nuálaíochta: moil nuálaíochta agus boscaí gainimh rialála

## MAOIRSEACHT FHÓNTA, ÉIFEACHTÚIL, CHOMHSHEASMHACH AGUS STUAMA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHUR I gCRÍCH AR FUD NA hEORPA, GO hÁIRITHE I bhFIANAISE LÍON MÉADAITHE DE GHNÓLACHTAÍ TRASTEORANN

*Príomhfhoilseacháin chun cáilíocht agus éifeachtacht na maoirseachta a chur chun cinn go leanúnach:*

- *Tuarascáil ar threochtaí tomhaltóra 2022*[13]
- *Tuarascáil 2023 ar chostais agus feidhmíocht roimhe seo*[14]
- *Comhairliúchán maidir leis an modheolaíocht ar thagarmharcanna luacha ar airgead*[15]

*Foilseacháin maidir le faireachán a dhéanamh ar chóineasú maoirseachta:*

- *Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí maoirseachta ÚEÁPC in 2022*[16]
- *Plean um chóineasú maoirseachta do 2023*[17]
- *Ráiteas maoirseachta maidir le húsáid socruithe rialachais i dtríú tíortha*[18]
- *Ráiteas comhpháirteach ó ÚMEnna agus ó BCE maidir le nochtadh i ndáil leis an athrú aeráide le haghaidh táirgí airgeadais struchtúrtha*[19]
- *YE2021 Staidéar comparáideach ar shamhaltú riosca margaidh agus creidmheasa*[20]
- *Déanann ÚEÁPC anailís ar shamhlacha inmheánacha le haghaidh riosca frithghealltа neamhshaoil*[21]

[13] Tuarascáil ar threochtaí tomhaltóra 2022 (europa.eu)

[14] Tuarascáil 2023 ar chostais agus iarfheidhmíocht [tréimhse chumhdaigh ó 2017 go dtí deireadh 2021 ó thaobh feidhmíocht roimhe seo agus 2021 ó thaobh costas]

[15] Comhairliúchán maidir leis an modheolaíocht ar thagarmharcanna luacha ar airgead

[16] Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí maoirseachta ÚEÁPC in 2022

[17] Plean um chóineasú maoirseachta do 2023

[18] Ráiteas maoirseachta maidir le húsáid socruithe rialachais i dtríú tíortha

[19] Ráiteas comhpháirteach ó ÚMEnna agus ó BCE maidir le nochtadh i ndáil leis an athrú aeráide le haghaidh táirgí airgeadais struchtúrtha

[20] YE2021 Staidéar comparáideach ar shamhaltú riosca margaidh agus creidmheasa

[21] Déanann ÚEÁPC anailís ar shamhlacha inmheánacha le haghaidh riosca frithghealltа neamhshaoil

- *Comhairliúchán faoi ráiteas maoirseachta maidir le maoirseacht ar athárachas a tugadh i gcrích le gnóthais árachais agus athárachais tríú tír*[22]
- *Comhairliúchán maidir le maoirseacht ar ghnóthais (ath)árachais faoi chuing*[23]
- *Plean chun eisiúintí tacsanomaíochta a thuairisciú*[24]

Lean ÚEÁPC de chultúr coiteann maoirseachta agus cleachtais mhaoirseachta chomhsheasmhacha a chur chun cinn ar fud na hEorpa, lena leagtar síos mar thosaíochtaí maoirseachta (i) cur chun feidhme praiticiúil phríomh-shaintréithe an chultúir choitinn mhaoirseachta agus tuilleadh forbartha ar uirlisí maoirseachta, (ii) na rioscaí don mhargadh inmheánach agus don chothroime iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le harbatráiste maoirseachta agus (iii) maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Lean ÚEÁPC de bheith rannpháirteach go gníomhach in ardáin agus coláistí comhair trasteorann, agus thug sé cuairteanna ar thíortha agus d'fhoilsigh sé seacht dtuarascáil maidir le maoirseacht, athbhreithniú piaraí agus staidéir chomparáideacha.

In 2023, d'úsáid ÚEÁPC roinnt cumhachtaí agus uirlisí a bhí ar fáil dó lenar áiríodh ráitis mhaoirseachta, tuairimí chomh maith le moladh ó Airteagal 17. Chomh maith leis sin, rinneadh fiosrúchán ar Airteagal 22 maidir le maoirseacht ghrúpa i mBallstát sonrach a bhí dírithe ar struchtúir ghrúpa le máthairchuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil gnóthais árachais faoina n-úinéireacht. Ina theannta sin, thacaigh ÚEÁPC le húdaráis iomaíochta náisiúnta le trí thionscadal cúnaimh theicniúil maidir le próisis iarratais ar shamhlacha inmheánacha agus le húdarás iomaíochta náisiúnta le tionscadal atá tiomnaithe do mhaoirseacht a dhéanamh.

Le linn 2023, lean ÚEÁPC d'fhaisnéis bhunriachtanach a ríomh agus a fhoilsiú atá bunúsach do chur i bhfeidhm éifeachtach Shócmhainneacht II agus IORP II agus lean sé ar aghaidh leis an gclár BI 2.0, lena dtreoraítear claochlú ÚEÁPC go heagraíocht dhigiteach atá dírithe ar an úsáideoir agus atá sonraíbhunaithe.

Ó thaobh gnó a dhéanamh de, lean ÚEÁPC dá chreat cuimsitheach rioscabhunaithe agus coisctheach a chur chun feidhme chun maoirseacht ghnó a dhéanamh agus béim ar leith á leagan ar a áirithiú go ndeartar táirgí ar bhealach atá dírithe ar an gcustaiméir agus go gcuirtear le sláinte airgeadais fhoriomlán na dtomhaltóirí, agus aird ar leith á tabhairt ar thomhaltóirí leochaileacha.

[22] Comhairliúchán faoi ráiteas maoirseachta maidir le maoirseacht ar athárachas a tugadh i gcrích le gnóthais árachais agus athárachais tríú tír

[23] Comhairliúchán maidir le maoirseacht ar ghnóthais (ath)árachais faoi chuing

[24] Plean chun eisiúintí tacsanomaíochta a thuairisciú (europa.eu)

Ar deireadh, chuir ÚEÁPC tacaíocht bhreise spriocdhírithe ar fáil do ÚINanna tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) DG REFORM.

**COMHAIRLE AR ARDCHAIGHDEÁN AGUS OBAIR BHEARTAIS EILE A CHUR AR FÁIL AGUS RIACHTANAIS ATHRAITHEACHA AGUS MHÉADAITHEACHA NA SOCHAÍ Á gCUR SAN ÁIREAMH CHOMH MAITH LE hÉIFEACHTAÍ AN RIALACHÁIN NUA AIRGEADAIS**

*Príomhfhoilseacháin ar IORP II:*

- *Comhairliúchán maidir leis an gcomhairle theicniúil don athbhreithniú ar Threoir IORP II*[25]

*Príomhfhoilseacháin ar IDD:*

- *Dréachtchaighdeáin Theicniúla Rialála (RTS)*[26]
- *An dara tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/97*[27]
- *An ceathrú tuarascáil bhliantúil ar smachtbhannaí*[28]

In 2023, chuir ÚEÁPC comhairle theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an athbhreithniú ar Threoir IORP II, lena gcumhdaítear leordhóthanacht stuamachta agus rialachais, gníomhaíocht trasteorann, feidhmiúlacht an ráitis sochair pinsin, oiriúnú don aistriú ó shochar sainithe chuig scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, gnéithe inbhuanaitheachta, agus ceanglais stuamachta a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú.

Maidir le beartas gnó a dhéanamh, lean ÚEÁPC de bheith ag obair ar an Treoir maidir le dáileadh árachais (IDD) agus rinne sé faireachán ar phróiseas reachtach na straitéise infheistíochta miondíola agus chuir sé ionchur ar fáil.

Lean ÚEÁPC de ról tábhachtach a imirt go hidirnáisiúnta i gcomhthéacs Chomhlachas Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais (IAIS), ag rannchuidiú le caighdeán domhanda a fhorbairt, leis an

[25] Comhairliúchán maidir leis an gcomhairle theicniúil don athbhreithniú ar Threoir IORP II

[26] https://www.eiopa.europa.eu/eiopa-publishes-changes-minimum-amount-professional-indemnity-insurance-cover-and-financial-capacity-2023-07-03_en

[27] https://www.eiopa.europa.eu/publications/second-idd-application-report-20222023_en

[28] Foilsíonn ÚEÁPC Tuarascáil bhliantúil maidir le smachtbhannaí faoin Treoir maidir le dáileadh árachais in 2022

gcaighdeán caipitil árachais (ICS), agus leis an gcreat iomlánaíoch maidir le rioscaí sistéamacha chomh maith le dlúthchaidreamh a chruthú le maoirseoirí tríú tíortha.

**COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS A FHEABHSÚ A THUILLEADH, AGUS BÉIM AR LEITH Á LEAGAN AR ANAILÍS A DHÉANAMH AR RIOSCAÍ AGUS LEOCHAILEACHTAÍ SAN EARNÁIL AIRGEADAIS, AGUS AR BHAGAIRTÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN**

*Príomhfhoilseacháin:*

- *Deaiseanna riosca árachais*[29]
- *Tuarascálacha ar chobhsaíocht airgeadais*[30]
- *Tionchar an bhoilscithe ar an earnáil árachais*[31]
- *Tuarascáil cobhsaíochta airgeadais mhí na Nollag 2023*[32]
- *Bileog eolais maidir le hinfheistíochtaí IORPanna LEE*[33]
- *Bileog eolais maidir le hinfheistíochtaí IORPanna LEE ag deireadh O4 2022*[34]
- *Páipéar maidir le prionsabail mhodheolaíocha na tástála struis árachais ar chibear-rioscaí*[35]

Lean ÚEÁPC d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí agus ar leochaileachtaí chun cobhsaíocht na n-earnálacha árachais agus pinsean ceirde a chosaint. In 2023, dhírigh sé ar thionchar an bhoilscithe ar mhargaí agus ar thomhaltóirí, ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí a bhaineann leis an dúlra agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an digitiú atá ag dul i méid, go háirithe i bhfoirm cibirionsaithe. I gcomhréir le forbairtí leanúnacha, rinne ÚEÁPC anailís ar leochaileacht phunanna árachóirí ó thaobh riosca an ráta malairte de agus ó thaobh íosghrádú ar fhiachas na n-earnálacha atá íogair ó thaobh na paindéime agus an fhuinnimh de.

[29] https://www.eiopa.europa.eu/system/files/2023-11/November%202023%20Risk%20Dashboard%20-%20updated.pdf

[30] https://www.eiopa.europa.eu/system/files/2023-06/EIOPA-BOS-23-209-EIOPA%20Financial%20Stability%20Report%20June%202023.pdf

[31] Impact of inflation on the insurance sector (europa.eu)

[32] Tuarascáil cobhsaíochta airgeadais mhí na Nollag 2023

[33] Bileog eolais maidir le hinfheistíochtaí IORPanna LEE

[34] Bileog eolais maidir le hinfheistíochtaí IORPanna LEE

[35] Foilsíonn ÚEÁPC Páipéar maidir le prionsabail mhodheolaíocha na tástála struis árachais ar chibear-rioscaí

Lean an tÚdarás freisin de staitisticí ardcháilíochta a fhoilsiú maidir leis na margaí árachais agus IORP, agus roghnaigh sé bileoga eolais chun an fhaisnéis a dhéanamh níos inrochtana.

Chuir ÚEÁPC feabhas ar a chreat modheolaíoch na tástála struis ón mbun aníos agus rinne sé obair fhairsing ar shamhaltú ón mbarr anuas.

Lean ÚEÁPC d’fhorbairt bhreise a dhéanamh ar a phróiseas géarchéime agus ar a nósanna imeachta chun iad a chur in oiriúint do na forbairtí ba dhéanaí agus thosaigh sé ar chleachtadh géarchéime a cheapadh. In 2023, lean ÚEÁPC den mheasúnú ullmhúcháin agus tionchair maidir leis an Treoir maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas árachais agus atháráchais (IRRD), lena ndeonaítear róil agus freagrachtaí tábhachtacha nua don Údarás, lena n-áirítear caighdeáin agus treoirlínte teicniúla a fhorbairt agus cúraimí eile níos buaine, amhail coiste réitigh a bhunú nó páirt a ghlacadh i gcoláistí réitigh.

**ÚEÁPC**

Westhafen Tower, Westhafenplatz 1
60327 Frankfurt – An Ghearmáin
Teil. + 49 69-951119-20
info@eiopa.europa.eu
https://www.eiopa.europa.eu